Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2018**
**(OR. en)**

**7091/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0163 (COD)**

**CODEC 375**
**CULT 26**
**PE 34**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014-2020)<br>- Toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, 12 go 15 Márta 2018) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún ar mhaithe le teacht ar chomhaontú maidir leis an sainchomhad seo ar an gcéad léamh d'fhonn an dara léamh agus idir-réiteach a sheachaint.

Sa chomhthéacs sin, chuir an rapóirtéir, Silvia COSTA (S&D, IT), leasú comhréitigh amháin (leasú 12) ar an togra le haghaidh Rialacháin i láthair, thar ceann an Choiste um Chultúr agus Oideachas. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin.

1 IO C 145, 30.6.2007, lch. 5

## II. VÓTÁIL

Ghlac an seisiún iomlánach an leasú comhréitigh (leasú 12) ar an togra le haghaidh rialacháin ag an vóta a caitheadh ar an 15 Márta 2018. Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh atá ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[2].

Léirítear le seasamh na Parlaiminte ar comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhormheas.

Ar an gcuma sin, ghlacfaí an gníomh agus an fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte ann.

---

2 I dtaca leis an leagan sin de sheasamh na Parlaiminte atá le fáil sa rún reachtach, rinneadh na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a cuireadh ar an togra ón gCoimisiún a mharcáil ann. Aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún, déantar é a léiriú le ***cló trom agus cló iodálach***. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail " ▌ ".

## Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Márta 2018 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú (COM(2017)0385 – C8-0236/2017 – 2017/0163(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0385),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus don chéad fhleasc d'Airteagal 167(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0236/2017),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Deireadh Fómhair 2017[3],

– tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 31 Eanáir 2018 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, de réir Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas (A8-0369/2017),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[3] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**P8_TC1-COD(2017)0163**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 15 Márta 2018 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2018/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 167(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[5],

---

[4] Tuairim an 18 Deireadh Fómhair 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[5] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Márta 2018.

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], bunaíodh ***Clár*** Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) ***chun*** tacú ▌ le hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta na hEorpa.

(2) ***Is é is cúis le sainiúlacht*** Cheolfhoireann Óige an Aontais Eorpaigh (EUYO) ***gur ceolfhoireann Eorpach í atá thar theorainneacha cultúrtha agus*** gur ceoltóirí óga atá inti a roghnaítear i gcomhréir le critéir chrua cháilíochta le linn dianphróiseas bliantúil éisteachta sna Ballstáit uile. ***Is í an t-aon cheolfhoireann san Aontas í a earcaíonn ó na Ballstáit uile.***

---

[6] Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1041/2009/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 221).

(3) ▌ Ón uair a cruthaíodh í, ***tá EUYO ag rannchuidiú leis*** an gcomhphlé idirchultúrtha agus leis an meas frithpháirteach ***agus*** an tuiscint fhrithpháirteach a chothú ▌ . Tá ***EUYO*** ina ▌ ambasadóir cultúir ag an Aontas sa mhéid is go gcuireann sé saibhreas agus éagsúlacht chultúir na hEorpa, agus tallanna úra, os comhair an phobail. Chomh maith leis sin, tá sé ag cur leis ***an eolas ar oidhreacht cheoil na hEorpa***, le cúrsaíocht saothar Eorpach agus le soghluaisteacht daoine óga tréitheacha Eorpacha thar theorainneacha náisiúnta agus Eorpacha ▌ .

***(4) Cuireann EUYO oiliúint rialta ar cheoltóirí óga trí chlár cónaithe agus tairgeann sé deiseanna léirithe, agus déantar, ar an gcaoi sin, gairmeacha idirnáisiúnta na gceoltóirí óga a atreisiú agus a scileanna a fhorbairt faoi threoir stiúrthóirí cáiliúla.***

***(5) Ba cheart do EUYO éagsúlú a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar a ioncam trí thacaíocht airgeadais a lorg go gníomhach ó fhoinsí eile seachas maoiniú an Aontais chun a inbhuanaitheacht a ráthú agus d'fhonn a spleáchas ar mhaoiniú an Aontais a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart do EUYO a áirithiú go mbeidh cost-éifeachtúlacht ina bhainistíocht.***

*(6)* ***Ba cheart do EUYO féachaint lena infheictheacht a mhéadú, lena n-áirítear sna meáin thraidisiúnta agus sna meáin dhigiteacha araon, agus le ceol a sheinm in imeachtaí Eorpacha agus i níos mó Ballstát.***

*(7)* ***Ba cheart do EUYO, i gcomhar lena chomhpháirtithe comhlacha náisiúnta, feasacht ar éisteachtaí bliantúla a mhéadú d'fhonn ionadaíocht níos cothroime a bhaint amach ar cheoltóirí ó na Ballstáit uile laistigh den cheolfhoireann.***

(8) ***Ba cheart*** do ghníomhaíochtaí EUYO a bheith i gcomhréir le cuspóirí Chlár Eoraip na Cruthaitheachta, ***go háirithe lena chuspóir chun tacú le forbairt an lucht féachana/éisteachta***, agus i gcomhréir ***le tosaíochtaí*** an ***Fhochláir Cultúir***. ***Dá bhrí sin, ba cheart do EUYO páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt an lucht féachana/éisteachta, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine óga.***

(9) Bunaíodh EUYO de bhun rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Márta 1976[7] agus is ceolfhoireann ***ar leith*** é, dá bhrí sin, i measc cheolfhoirne na hEorpa. ▌

---

[7] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Márta 1976 maidir leis an tairiscint i gcomhair rún arna cur isteach ag Kellett-Bowman, Uas., maidir le bunú Cheolfhoireann Óige an Chomhphobail Eorpaigh (IO C 79, 5.4.1976, lch. 8).

***(10)*** ***Tá rannchuidiú EUYO aitheanta ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais, lena n-áirítear ag Uachtaráin as diaidh a chéile ar an gCoimisiún agus ar Pharlaimint na hEorpa.***

***(11)*** ***De thoradh a stádais shainiúil, a chuspóirí agus a ghníomhaíochtaí straitéiseacha a tharchéimníonn leas agus tairbhe aon Bhallstáit amháin nó roinnt Ballstát agus a léiríonn go soiléir go bhfuil breisluach Eorpach ag gabháil leo, tá EUYO incháilithe mar chomhlacht arna aithint i mbunghníomh de réir bhrí phointe (d) d'Airteagal 190(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún[8], lena gceadaítear deontais a dhámhachtain gan glao ar thograí.***

***(12)*** ***Ba cheart maoiniú a dheonú do EUYO, ar bhonn eisceachtúil, go dtí deireadh Chlár Eoraip na Cruthaitheachta an 31 Nollaig 2020.***

(13) Dá bhrí sin, ba cheart EUYO a áireamh, ***mar eisceacht***, i measc na mbeart a thairbhíonn de thacaíocht ón bhFochlár Cultúir agus ó ***Shraith Thrasearnálach Chlár Eoraip na Cruthaitheachta araon***.

---

***8*** ***Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 362, 31.12.2012, lch. 1).***

***(14) Chun feidhmiú rianúil EUYO a áirithiú, ba cheart dó bheith in ann tairbhe a bhaint as tacaíocht a luaithe is féidir, go háirithe le haghaidh costais arna dtabhú in 2018 roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2018.***

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1:

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 mar a leanas:

***(1)*** in Airteagal 13(1), cuirtear an pointe ▌ seo a leanas isteach:

"(f) ***costais a bhaineann le gníomhaíochtaí*** Cheolfhoireann Óige an Aontais Eorpaigh, ar gníomhaíochtaí iad ***a chuireann le soghluaisteacht ceoltóirí, le cúrsaíocht saothar Eorpach thar theorainneacha agus le hidirnáisiúnú gairmeacha ceoltóirí óga***.";

***(2) in Airteagal 15(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:***

***"(g) Ceolfhoireann Óige an Aontais Eorpaigh, maidir leis na costais nach dtacaítear leo faoi phointe (f) d'Airteagal 13(1)."***.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2018 ***go dtí an 31 Nollaig 2018***.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |